# Gaelscoil Thaobh na Coille

**Nuachtlitir**

Eagrán : MF11 Márta

8/03/2012

## Seachtain na Gaeilge : Beatha Teanga Í a Labhairt!



A Thuismitheoirí,

*N'fheadar an bhfuil mórán agaibh ag féachaint ar an G-Team ar TG4 le roinnt seachtainí anuas ach 'sé Lorcán Mac Gabhann (Cathaoirleach ár mBord Bainistíochta agus bunaitheoir na scoile) atá mar phríomh moltóir ar an gclár ie Simon Cowell na Gaeilge! Muna bhfuil sé feicthe agaibh is fiú go mór féachaint ar ar TG4 Player. 'Seard atá sa 'G-Team' ná comórtas idir bhailte beaga ar fud na hÉireann agus dúshlán á thabhairt dóibh G-Day – lá na Gaeilge, a eagrú sa bhaile trí féile a eagrú ina ndéantar ceiliúradh ar dhúchas, ar chultúr agus ar thraidisiún an bhaile sin agus gach rud á rith agus á dhéanamh trí Ghaeilge. Beidh €40,000 mar dhuais ag an mbaile a bhuann an comórtas seo.*

*Le 'Seachtain na Gaeilge' faoi lán tseoil cheanna féin sa scoil agus lá 'le Pádraig ag teacht gan mhoill táim ag súil go ndéanfaidh gach tuismitheoir sár-iarracht cibé Gaeilge atá acu a labhairt thart timpeall na scoile. Muna ndéanann beidh mé ag cur fios ar Lorcán agus a chomh-mholtóirí (Mary Hannafin and Rossa Ó Snodaigh) le teacht isteach agus focal láidir a bheith acu libh!*

*Go mí-ábharach níl €40,000 de dhuaiseanna agamsa le bronnadh ar na tuismitheoirí a dhéanann an t-iarracht is fearr an Ghaeilge a labhairt ach beidh ár G-Team féin (moltóirí óna hardranganna) ag éisteacht libh sa chlós agus thart timpeall na scoile agus bronnfaidh siadsan duaiseanna beaga go laethúil ar na tuismitheoirí a dhéanann an t-iarracht is mó!*

**San eagrán seo:**
**Inside this issue:**


*An G-Team* 1
*Seachtain na Gaeilge*

*G-Theachtaireacht* 2
*G-Messages*

*RITH 2012* 3
*www,rith.ie*

*Fón Scoile* 3
*School Phone*

*Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí* 4

*Tráth na gCeist Clainne* 4





I don't know if any of you have been watching the G-Team on TG4 over the last few weeks but our very own Lorcán Mac Gabhann (chairperson of the Board of Management and founder of the school) features as the main judge in the show ie Simon Cowell na Gaeilge! If you haven't watched it you should check it out on TG4 Player. The programme throws down the gauntlet to small towns and villages throughout Ireland to compete in a battle to become the top Irish speaking town outside the Gaeltacht. Each programme featured 2 villages of similar size and they had to organise a 'G-Day' – Gaeilge Day. On that day the villages put on a festival celebrating their heritage, local traditions etc. and everything had to be carried out 'as Gaeilge'. The overall winner of the series will walk away with 40K for their village.

With St. Patricks Day fast approaching and 'Seachtain na Gaeilge' well underway in school I'm asking all parents to start brushing up on their Gaeilge as I'll be expecting everyone to make a greater effort to speak whatever Gaeilge they have in and around the school - if not I'll be calling on Lorcán Mac Gabhann and his fellow judges (Mary Hannafin and Rossa Ó Snodaigh) to come in to have a few words with you!

Unfortunately I don't have 40k to hand out in prize money however our very own G-Team (some of our senior pupils) will be listening very carefully to you in the 'clós' and around the school and they will be presenting small prizes on a daily basis to the parents they deem to be making the greatest effort!

*Emer Nic Chonchradha*

## **G-Theachtaireacht** : G-Message

Ba bhreá linn mar chuid d'imeachtaí na scoile do sheachtain na Gaeilge dá ndéanfadh pobal na scoile an fón a fhreagairt le beannacht i nGaeilge ie "Dia dhuit", "Conas atá tú?" etc. agus na teachtaireacht fón atá ar an bhfón póca a bheith i nGaeilge ie "Máire anseo, níl mé ar fáil, fág teachtaireacht", "Brón orm, tá mé gafa, fág teachtaireacht", " Dia dhuit Seán anseo, fág teachtaireacht taréis an bíp" & rl.

Cuirfimíd glaoch ar cúpla fón gach lá agus beidh seans ag na daoine a fhreagraíonn an fón le frása Gaeilge nó go mbíonn an teachtaireacht fón i nGaeilge duais deas a bhuachaint ón scoil. Bain triail as, níl ann ach píosa spóirt agus táim cinnte go mbeidh na páistí an-sásta cuidiú libh!




As part of seachtain na Gaeilge we would love it if the parents of the school would answer the telephone with a greeting 'as Gaeilge' ie "Dia dhuit", "Conas atá tú?" etc. and that the message minders on your mobile phones would also be as Gaeilge ie "Máire anseo, níl mé ar fáil, fág teachtaireacht", "Brón orm, tá mé gafa, fág teachtaireacht", " Dia dhuit Seán anseo, fág teachtaireacht taréis an bíp" etc.

We will make several phone call every day and anyone who answers their phone 'as Gaeilge' or has a message minder 'As Gaeilge' will be in with a chance of winning a nice prize from the school. Go on give it a go, it's just a bit of fun and I'm sure your children will be more than happy to help and encourage you with this task!




## **Scór na bPáistí** : CLG Naomh Olaf

*Comhghháirdeas leis na daltaí ar fad ó R4, R5 & R6 a ghlac páirt i Scór na bPáistí i gClub CLG Nmh Olaf ar an 22 Feabhra. Thart ar 45 dalta ar fad a ghlac páirt 'sna comórtais éagsúla idir Rince Fóirne, Amhránaíocht Aonair, Aithriseoireacht, Ceol Uirlise, Bailéad Ghrúpa & Tráth na gCeist. Tá ard-mholadh ag dul do gach duine acu as cé chomh maith is a bhí siad ar an lá. Mar bharr ar sin thugadar 4 sciath & Corn ar ais abhaile leo! Bhuaigh Emma de Róiste an comórtas amhránaíocht aonair, bhuaigh buachaillí R5 an comórtas Bailéad Ghrúpa agus an comórtas Grúpa Ceol Uirlise agus bhuaigh Gregory Mac Eoin, Seán de Grá & Tiarnán Ó Conaill, an tráth na gCeist. Chuaigh na buaiteoirí uile ar aghaidh go Scór na bPáistí B.Á.C. agus bhí an bua ag an nGrúpa Ceoil ansin (Niall Mac Domhnaill, Lee Ó Riain, Gregory Mac Eoin, Oisín Ó hEarcáin agus Éanna Ó Dálaigh).*

A big congratulations to all the pupils from R4, R5 & R6 who participated in Scór na bPáistí in St. Olafs GAA Club on the 22nd of February. Approximately 45 pupils competed in the various categories from Set Dancing, Solo singing, Recitation, Instrumental Music, Ballad Group & Table Quiz. All the pupils who participated did themselves and the school very proud. Not only did they put on a great show but they came back to school with 4 trophies & a cup! Emma de Róiste won the solo singing competition, 5th class boys won the ballad competition and the traditional music competition and Gregory Mac Eoin, Seán de Grá & Tiarnán Ó Conaill won the table quiz. The winners went on to compete in the Dublin finals and The Grúpa Ceoil came away with the top prize in their competition.



Gregory Mac Eoin, Éanna Ó Dálaigh, Oisín Ó hEarcáin, Niall Mac Domhnaill, agus Lee Ó Riain,

## **Rith 2012** : www.rith.ie

*Ar an 9 Márta 2010, thosaigh an chéad Rith mar ollrith náisiúnta timpeall na tíre, le baitín sealaíochta ag athrú láimhe idir dhaoine agus grúpaí reatha gach uile ciliméadar. Rith breis is 20,000 duine ar son na Gaeilge, trí cathracha, bailte, agus sráidbhailte ó Bhéal Feiriste go Gaillimh.*

*Tosóidh RITH 2012 ar an 8 Márta (inniu) i nGaoth Dobhair. Mairfidh an Rith ar feadh deich lá agus críochnóidh sí ar an 18 Márta in Inis Mór i gCo. na Gaillimhe. Rachaidh an Rith tríd Tír Chonaill, Tír Eoghain, Co. Aontroma, Co. Ard Mhacha, co. Muineacháin, Co. na Mí, Baile Átha Cliath, Co. Chill Dara, Co. Ceatharlaigh, Co. Laoise, Co. Thiobrad Árann, Co. Luimnigh, Co. An Chláir, Co. na Gaillimhe agus na hOileáin Árainn.*

*Tá RITH 2012 ag teacht inár dtreo agus beidh daltaí R5 & R6 Ghaelscoil Thaobh na Coille ag glacadh úinéireacht ar an mbaitín ar an Luan seo chugainn idir a 1pm – 1.30pm nuair a ritheann siad 1km ó 'Wykham Way go Bóthar Áth an Ghainimh i nDúnDroma.*

*Tá fáilte roimh thuismitheoirí rith linn. Tar amach agus glac páirt sa spórt is spraoi! Tar amach agus bígí linn!*




Cúrsa RITH 2012

On March 9th 2010, a marathon run began around the island of Ireland, passing the specially designed baton to a different runner/group at the end of each kilometre. Over 20,000 people ran to support the Irish language, on a cross-country route through cities, towns and villages between Belfast and Galway.

Rith 2012 will be starting on the 8th of March (today) in Gaoth Dobhair and finishing up 10 days later on Inis Mór, in the Aran Islands. Rith will visit Counties Donegal, Tyrone, Derry, Antrim, Armagh, Monaghan, Meath, Dublin, Kildare, Carlow, Laois, Tiperary, Limerick, Clare, Galway and the Aran Islands.

Rith 2012 is coming through our locality on Monday next the 12th of March and the pupils from R5 and R6 will be carrying the baton for the 1km from Wykham Way to the Sandyford Road in Dundrum (between 1pm -1.30pm).

Come and join us! Parents are most welcome to get involved and join in the craic and fun! Be part of Rith!

## **Fón Scoile** : School Phone

Tá deacrachtaí leanúnach againn leis an gcóras fón atá againn sa scoil. Tá sé deacair orainn teacht ar réiteach na faidhbe mar go mbaineann an deacracht le glaochanna isteach chun na scoile amháin. Má bhíonn deacracht agat teagmháil fóin a dhéanamh leis an scoil (fón marbh – ní gafa) an gcuirfeá é sin in iúl dúinn le gur féidir linn tuairisc a choinneáil ar cé chomh minic is atá sé ag tárlú agus tabhairt faoin bhfadhb a réiteach.



We are experiencing an on-going problem with our phone system. Unfortunately it has been very difficult for us to monitor the situation and get the problem sorted as the problem seems to be with incoming calls only. If you are unable to get through to the school (phone dead – not busy) we would be very grateful if you could let us know about it so that we can keep a log of how often it is happening and hopefully get to the bottom of the problem.

## **Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí :** Parental Involvement

*Mar is eol díbh d'eagraigh Coiste na dTuistí Cruinniú Cinn Bhliana oíche Luan seo chaite. Go mí-ábharach ní raibh dóthain tuismitheoirí sásta dul ar an gCoiste nua. Creidimíd go bhfuil sé an-tábhachtach don scoil agus do phobal na scoile go mbeadh ár dtuismitheoirí páirteach agus gníomhach i saol na scoile. Tuigimíd go bhfuil daoine gafa agus go bh'fhéidir nach féidir leo freastal go fadtéarmach ar Choiste na dTuistí ach táimid ag súil go mbeidh sibh sásta cuidiú linn imeacht amháin faoi leith a eagrú i rith na bliana.*

*Mar sin mar thús táimid ag lorg fo-choiste - tuismitheoirí ó R3 le Tráth na gCeist a eagrú ar an gCéadaoin seo chugainn an 14 Márta mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge. Má tá tú sásta lámh cúnta a thabhairt leis an imeacht seo a eagrú téigh i dteagmháil láithreach le Mary Mhic Dhomhnaill (ag 087 3730534) atá ag déanamh comhordanú ar an imeacht seo.*

As you know Coiste na dTuismitheoirí held their AGM on Monday night last. Unfortunately very few parents were willing to put themselves forward to go on the new committee. We believe it is very important for the school and the school community that the parents are involved and play an active role in school life. We understand that people have lots of commitments and may not be able to commit to Coiste na dTuistí for its term of office however we are hoping that parents might commit to getting involved in organising one specific event during the year.

So to start the ball rolling we are looking for parent volunteers from R3 to help organise a Tráth na gCeist for seachtain na Gaeilge on Wednesday evening next the 14th of March. Anyone willing to get involved and lend a hand in organising this event please get in touch with Mary McDonald at 087 3730534 who is going to co-ordinate the event

## **Tráth na gCeist Clainne** : Family Table Quiz Dé Céadaoin 14 Márta

*Imeacht bhliantúil atá sa Tráth na gCeist a eagraítear do dhaltaí & do thuismitheoirí R3 – R6. Ceathrar a bhíonn ar gach foireann - 2 dhalta & 2 thuismitheoir. Bíonn ceisteanna ann do na daltaí agus ceisteanna eile do na tuismitheoirí. D'éirigh go híontach leis an imeacht seo 'sna blianta atá thart agus bhain gach éinne an-taithneamh as an ócáid shóisialta seo.*

The Tráth na gCeist is an annual event that is organised during seachtain na Gaeilge for the parents and pupils of R3 – R6. Each team consists of 2 adults and 2 children (at least 1 adult per team). There will be questions for the children and questions for the adults. It has been a great success in the past and hopefully with your help will continue to be a really enjoyable social event for all. So please come along to what promises to be a really enjoyable family night out.

## **Seirbhísí Creidimhe**

Religious Ceremonies



| | | |
|---|---|---|
| | Séipéal | Séipéal Mhuire Taobh na Coille,<br>St Mary's, Sandyford Village |
| | Sagart | An tAthair Leon Ó Giolláin |
| R6 | Cóineartú<br>Confirmation | Dé hAoine 09 Márta 11.00am<br>Friday 9th March 11.00am |
| R2 | Céad Fhaoistin<br>First Confession | Céadaoin 28 Márta 7.00pm<br>Wednesday 28th March 7.00pm |
| R2 | Comaoineach<br>First Communion | Satharn 12 Bealtaine <u>10.00am</u><br>Saturday 12th May <u>10.00am</u> |

** Tabhair faoi ndeara athrú ama don Chéad Chomaoineach de bharr bainis a bheith ar siúl sa séipéal an lá chéanna

Please note time change for First Communion, this is to facilitate a wedding

## **Feis Átha Cliath**

*Guímid gach ádh ar Bhanna Ceoil na scoile a bheidh ag iomaíocht i bhFeis Átha Cliath ar an Domhnach seo ag teacht. Beidh siad ag súil leis an sciath a thabhairt abhaile leo don tríú bhliain as a chéile.*

We wish our Traditional Band the best of luck on Sunday in Feis Átha Cliath. They will be hoping to retain their title as Feis Átha Cliath champions for the third year in a row.

